# An Siopa Bréagán

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – airgead, cuntas<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn* |
| **Scileanna Forbartha** | • Labhairt ar dhóigheanna le gnáthfhadhbanna an lae a réiteach<br>• Straitéisí cuntais a úsáid agus gníomhaíochtaí ar siúl<br>• Teanga chuí mhatamaiticiúil a úsáid le ceisteanna a fhreagairt faoina gcuid oibre |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | uimhreacha suas go 20, fuinneoga siopa ina bhfuil earraí difriúla ar díol praghaslipéad, sóinseáil |
| **Áiseanna** | Uirlis Airgid Mol Mata, fíor-airgead/airgead plaisteach, bréagáin, praghaslipéid |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Déanann an múinteoir agus na páistí siopa bréagán sa rang. Thig leis an mhúinteoir agus na daltaí praghas na n-earraí a shocrú. Tá sé tábhachtach go dtuigfidh na daltaí nach bhfuil na praghsanna sa tsiopa ranga réalaíoch. Iarrann an múinteoir ar an dalta na boinn a úsáid le hearraí a cheannach, ag baint úsáid as fíor-airgead. Iarr ar na daltaí bealaí malartacha a úsáid le méideanna éagsúla a dhéanamh agus boinn in úsáid acu.

### 2 Gníomhaíocht 2

Labhair leis na daltaí faoi na hearraí is féidir leo a cheannach le méid áirithe airgid. Mar shampla, tá 10p ag Máire, cad iad na hearraí a thig léi a cheannach? Iarr orthu Uirlis Airgid Mol Mata a úsáid leis na féidearthachtaí a thaispeáint. Iarr orthu an briseadh a oibriú amach ag baint úsáid as Uirlis Airgid Mol Mata.

### 3 Gníomhaíocht 3

Abair leis na daltaí gur tháinig ceathrar isteach sa siopa Dé Sathairn agus cheannaigh siad an bréagán céanna, mar shampla teidí a bhí ar díol ar 5p. Níor thug aon duine na boinn chéanna don tsiopadóir. Cad iad na teaglamaí difriúla a d'fheadfadh a bheith acu? Iarr orthu Uirlis Airgid Mol Mata a úsáid leis na féidearthachtaí a thaispeáint.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cá mhéad atá ar x?<br>• Cá mhéad atá ar x agus y san iomlán?<br>• Tá ______ agam. Ceannaím x. Cá mhéad briseadh a fhaighim?<br>• Tá ______ agam. Cá mhéad níos mó atá de dhíth orm le x a fháil?<br>• Cá mhéad níos mó/níos lú atá ar x ná y? | • Taispeáin dom na boinn dhifriúla is féidir leat a úsáid le híoc as x.<br>• Taispeáin dom na boinn dhifriúla is féidir leat a úsáid le híoc as x agus y.<br>• Cad iad na dóigheanna difriúla le 10p a chaitheamh sa tsiopa?<br>• Cad chuige ar roghnaigh tú na hearraí seo? |

## Difreáil

Socraigh praghsanna agus méideanna airgid de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.